

Fianna a Chosaint & a Bhainistiú

Tá na fianna uile in Éirinn faoi chosaint faoi Achtanna um Fhiadhúlra 1976 & 2000. In éagmais creachóirí nádúrtha, m.sh. an mac tíre, ó rinneadh géarleanúint ar mhic tíre go ndeachaigh siad in éag i gcaitheamh an 18ú hAoise, bíonn sé riachtanach líon na bhfianna a bhainistiú chun gnáthóga a chosaint agus chun leas fianna a chinntiú trína gcosaint ar an ocras mar gheall ar ró-innilt. Déantar iad a smachtmharú go trócaireach ar thráthanna áirithe den bhliain, faoi cheadúnas ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fhiadhúlra (Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil). Déantar amuigh is istigh ar 4,500 fia fhiáine Sheapánacha nó Sheapánacha-chros-síolracha, 2,500 fia fhiáine bhúí, 500 fia rua agus 400 fia chros-síolracha atá cosúil le fianna rua a scaoileadh agus a thuairisciú go dleathúil gach bliain. Mar gheall ar stádas dúchasach ar leith an fhia rua i gContae Chiarraí, tá dianchosc ar fhianna rua a sheilg i gCiarraí, mura ndéantar é faoi chead díreach ón Aire. Má thagann tú ar fhia gortaithe, cuir an scéal in iúl don Mhaor Fhiadhúlra (SPNF) nó don stáisiún Gardaí is cóngaraí duit.

Léitheoireacht Bhreise a Mholtar

Rooney, S. agus Hayden, T.J. (2002). *Forest mammals – Management and Control*. COFORD, Baile Átha Cliath, Éire.

Hayden, T. agus Harrington, R. (2000). *Exploring Irish Mammals*. Town House and Country House Ltd., Baile Átha Cliath, Éire.

Geist, V. (1999). *Deer of the world: their evolution, behaviour and ecology*. Swan Hill Press, An Ríocht Aontaithe.

Fairley, J.S. (1975). *An Irish Beast Book*. Blackstaff Press, Béal Feirste, an Ríocht Aontaithe.

Lawrence, M.J. agus Brown, R.W. (1967). *Mammals of Britain: their tracks, trails and signs*. Blandford Press, Londain, an Ríocht Aontaithe.

Naisc le Suímh Inspéise ar an Idirlíon

Cumann Fianna na hÉireann
www.theirishdeersociety.com

Northern Irish Mammals, Amphibians and Reptiles
www.habitas.org.uk/nimars

British Deer Society www.bds.org.uk

The Deer Initiative
www.thedeerinitiative.co.uk

The Mammal Society
www.abdn.ac.uk/mammal

Tuath na hÉireann
www.countryside.ireland.com

Fianna Fiáine na hÉireann
www.wilddeerireland.com

Ábhar agus líníochtaí arna n-ullmhú ag Ruth Carden (zó-eolaí).



Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire


Teil: (01) 8883910
Lóghlaoch: 1890 200191
Faics: (01) 888 3946
r-phost: info@enfo.ie
www.enfo.ie

Scriobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Udarais Áitiúil/Leabharlaine Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís leis an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil is ea ENFO

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte 2005





AN FIADHÚLRA

eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie



Fianna in Éirinn

Tá 40 speiceas fianna ar eolas againn atá le fáil ar fud an domhain, agus tá trí speiceas den líon sin le fáil in Éirinn. Tháinig fianna chun cinn thart faoi 23 mhilliún bliain ó shin. Baineann siad le grúpa (ord) a dtugtar artadachtalaigh (ladhar-réidh) air. Is athchogantaigh (*ruminants*) féariteacha le crúba iad fianna.

Gnáthóg agus Aiste Bia

Itheann gach speiceas fia go luath ar maidin agus amach sa tráthnóna go ginearálta agus ligeann siad a scíth i gcaitheamh an lae. Is ainmhithe iad na fianna rua agus na fianna buí a bhíonn ag innilt (ar fhéir éagsúla) go príomha, ach cuirfidh siad lena n-aiste bia le duilleoga crann éagsúil, le dearcáin (*acorns*), torthaí, muisiriúin agus barra talmhaíochta. Is iteoirí idirmheánacha iad fianna Seapánacha (bíonn siad ag innilt agus ag ithe duilliúir) agus a thapaíonn pé deis bhia atá thart. Baineann gach cineál fia le cineálacha éagsúla coillearnach, le limistéir oscailte ar chnoic agus le féaraigh (*pastures*).

Bualtrach

Bíonn dath dubh-donn ar bhualtrach fianna rua, thart faoi 2cm ar a fhad. Bíonn bualtrach fianna buí thart faoi 1.5cm ar a fhad agus bíonn dath dubh uirthi. Bíonn bualtrach fianna Seapánacha dubh agus beag – níos lú ná 1.5cm. (Bíonn bualtrach gabhar agus caorach cosúil léi; ach bíonn sí thart faoi 1cm ar a fhad agus bíonn a tús agus a deireadh leacaithe).

Comharthaí

Is féidir limistéir leacaithe fásra a aimsiú mar a raibh fianna ina luí go

socair i gcaitheamh an lae. Bíonn cosáin/bealaí rialta le feiceáil trí chasarnach go minic. Déanfaidh fianna fireanna nó carrianna craobha crainn a ghreadadh agus a scamhadh agus cabhlacha crainn a scoradh (iad a scríobadh lena mbeanna). Is féidir beanna a chuir fianna díobh a aimsiú uaireanta agus íosfaidh mamaigh agus fianna beaga iad seo, toisc gur foinse mhaith chailchiam i gcaitheamh mhíonna an gheimhridh iad.

Glórú

Bíonn dá inscne gach speiceas fia ina dtost de ghnáth, seachas na glaonna rabhaidh agus cúplála a thugann siad uathu. Bíonn glaonna cúplála na gcarrianna an-difriúil. Tugann carrianna rua búir mhórthaibhseach uathu, ar féidir leis a thabhairt roinnt uaireanta i ndiaidh a chéile agus a d'fhéadfaí a chloisteáil achar piosa fada ar shiúl. D'fhéadfadh glaonna carrianna Seapánacha a bheith anghlórach le feadanna agus bíceanna (*squeaks*) géara. Tugann carrianna buí fuaim ochlánach uathu – cosúil le 'brúcht' dhomhain agus tugann siad roinnt díobh i ndiaidh a chéile go minic.

Fia rua na hEorpa (*Cervus elaphus*)

Fia rua

Carrianna fásta ~220cg, aird ón ngualainn anuas ~1.5m

Eilití fásta ~140cg, aird ón ngualainn anuas ~1m

Lao nuabheirthe ~6-9cg

Fad a saoil chomh fada le 15 bliana

Is é an fia rua dúchasach an mamach is mó os cionn talún in Éirinn. Tá fianaise go raibh fianna rua in Éirinn 26,000 bliain ó shin, agus creidtear gurb iad na fianna rua a dhéanann cónaí i nGleann Chill Airne na fianna beo is cóngaraí d'fhia rua dúchasach na hÉireann a mhair sa tréimhse i ndiaidh ré na n-oighearshruthanna. Tugadh an chuid eile de na fianna rua in Éirinn isteach idir an 18ú agus an 19ú céad ó Albain, ó Shasana agus ón bhFrainc. Tugtar carrianna ar fhianna fireanna, eilití ar fhianna baineanna agus laonna ar a sliocht.

Bíonn dath trom donnrua ar an bhfionnadh i gcaitheamh mhíonna an tsamhraidh, ach maolaíonn an dath go mbíonn sé donn sa gheimhreadh. Bíonn dath an uachtair ar an mbolg agus is féidir baill éadroma béis (*beige*) a fheiceáil feadh na gcliathán. Bíonn dath an uachtair-béis ar phaiste an phrompa agus téann sé suas amach ar dhroim an fhia, os cionn eireabail a bhíonn



Carria Rua i gcaitheamh shéasúir an rachmail

an-ghearr. Ní bhíonn beanna ach ag na fianna fireanna, a bhíonn ar dhéanamh U agus duine ag breathnú orthu ar aghaidh an fhia amach. Cuireann fianna a mbeanna díobh idir mí an Mhárta agus an Aibreán go bliantúil agus tosaíonn an chéad fhoireann eile ag fás ar an bpointe. Tosaíonn séasúr an rachmaill (na cúplála) amach i mí Mheáin Fhómhair agus maireann sé go dtí mí na Samhna. Éiríonn na carrianna an-ghlórach i rith an tséasúir agus tugann siad búireanna doimhne suaithinseacha uathu. Éiríonn siad an-ionsaitheach freisin agus tarlaíonn troideanna idir na carrianna sách minic. Saolaíonn na heilití lao aonair tar éis toircheas 7.5 go 8 mí. Saolaítear an lao idir lár mhí na Bealtaine agus an chéad chuid de mhí Mheithimh. Saolaítear é agus fionnadh breac air, a fhanann go dtí thart ar 2 mhí d'aois, agus a bhíonn ina dhuaithníocht nó clúdach a fhágfaidh nach mbeidh siad so-aitheanta ag creachóirí (m.sh. sionnach). Fillfidh a mháthair air gach 2-3 uair a chloig lena bheathú. Baintear laonna de shiní a máithreacha agus iad idir 5 agus 10 mí d'aois. Fanann na laonna in éineacht lena máithreacha go dtí go mbíonn siad amuigh is istigh ar 2 bhliain d'aois.


Príomhthréithe le sonrú ar Fhianna Rua

An mamach is mó os cionn talún in Éirinn.

Eireaball an-ghearr

Fionnadh rua-donn le dath an uachtair ar a bholg.

Dath an uachtair ar a phrompa, a théann suas amach ar an droim.



Rian Fia Rua - 8cm ar a fhad (cruth = péire slipéirí)

Beanna casta ilbhioracha ar dhéanamh U

Rianta: ar dhéanamh péire slipéirí, 8cm ar a fhad

Fia buí na hEorpa (Dama dama dama)

Fia buí

Carrianna fásta ~80-110cg, aird ón ngualainn anuas ~1m

Eilití fásta ~40-55cg, aird ón ngualainn anuas ~85cm

Lao nuabheirthe ~3-5cg

Fad a saoil chomh fada le 18 mbliana



Carria Búí i gcaitheamh shéasúr an rachmaill, díreach tar éis féar fada a ghreadadh lena bheanna

Fia meánmhéide, nach ó Éirinn ó dhúchas dó. Thug na Normanaigh fianna buí isteach go hÉireann in 1244 ó Shasana go dtí Gleann Crí i gContae Chill Mhantáin. Tugtar carrianna ar fhianna fireanna, eilití ar fhianna baineanna agus oisíní ar a sliocht.

Bíonn roinnt dathanna difriúla i gceist le fionnadh na bhfianna buí, ní fhágann sin gur de speicis dhifriúla iad; ta na dathanna difriúla cosúil le dathanna ár ngruaige féin. Bíonn dathanna an fhionnadh samhraidh (dubh, dathanna donnrua, dathanna donn/fionnrua snasta) an-lonrach agus d'fhéadfadh baill bhána bheith ann nó as. Fásann leagan níos tiufa, níos neamhlonraí agus mosach (*shaggy*) ar na hainmhithe i gcaitheamh mhíonna an gheimhridh. Bíonn dath glan bán ar phaiste an phrompa, agus imeall dubh timpeall air. Bíonn an t-eireaball an-fhada. Bíonn beanna

bosacha ar charrianna buí. Ní iompraíonn ach na carrianna beanna. Cuireann siad a mbeanna díobh gach earrach (Márta go hAibreán) agus tosaíonn an chéad fhoireann eile ag fás ar an bpointe. Tarlaíonn séasúr an rachmaill i gcaitheamh mhí Dheireadh Fómhair agus na Samhna, tráth a rachfaidh carrianna i mbun trodanna agus éireoidh siad níos glóraí. Saolaítear oisín aonair i rith mhí an Mheithimh tar éis toircheas 7.5 go 8 mí. Saolaítear na hoisíní agus fionnadh breactha orthu. Filleann an mháthair gach cúpla uair a chloig i gcaitheamh an lae agus na hoíche lena bheathú. Baintear na hoisíní de shiní a máthar agus iad idir 7 agus 9 mí d'aois.

Príomhthréithe le sonrú ar Fhianna Búí

Fianna meánmhéide

Bíonn úll brád (*Adam's apple*) le feiceáil go sonrach orthu

Bíonn scoth ar thruaill an bhoid

Bíonn eireaball an-fhada acu

Bíonn beanna leathana leacaithe ag an gcarria (bosach)

Bíonn dath bán ar phaiste an phrompa, imeall dubh timpeall air agus é ar dhéanamh croí.



Rian Fia Búí 7cm ar a fhad x 4cm ar leithead (cruth = péire slipéirí fada)

Fianna Seapánacha (Cervus nippon nippon)

Carrianna fásta ~50-60cg, aird ón ngualainn anuas ~80cm

Eilití fásta ~35cg, aird ón ngualainn anuas ~65-70cm



Lao nuabheirthe ~2-3cg

Fad a saoil chomh fada le 18 mbliana



Fia Seapánach i gcaitheamh shéasúr an rachmaill.

Is iad na fianna seo an speiceas fia neamhdhúchasach is lú in Éirinn. Thug an Tiarna Powerscourt fianna Seapánacha isteach go hÉireann in 1860 ar a eastát i gContae Chill Mhantáin. Tháinig na fianna seo ó oileán Kyúsiú na Seapáine ó thús. Chros-síolraigh roinnt díobh seo le fianna rua agus d'éalaigh siad nó scaoileadh amach ansin iad i sléibhte Chill Mhantáin mar ar tháinig rath orthu.

Tugtar carriana ar fhianna fireanna, eilití ar fhianna baineanna agus laonna ar a sliocht.

Bíonn dath éadrom donn rua ar a bhfionnadh samhraidh agus bíonn baill dhoiléire/le feiceáil go soiléir feadh na gliathán. Bíonn dath éadrom liath nó béis ar an mbolg. Bíonn fionnadh an gheimhridh i gcontráthacht leis an bhfionnadh samhraidh agus bíonn dath liathdhonn dorcha air gan aon bhaill bhána ann, agus dath leathliath ar an mbolg. Bíonn riabh shuaitheiseach dhubh le feiceáil ar an droim go soiléir ón gcloigeann chun an eireabaill ar an dá fhionnadh. Bíonn dath geal bán ar phaiste an phrompa sa dá fhionnadh, ar dhéanamh croí agus dath dubh ar an imeall timpeall ar an bpaiste. Ní iompraíonn ach na carriana beanna, agus bíonn imlíne na mbeanna ar dhéanamh V agus duine ag breathnú orthu ar aghaidh an charria amach. Cuireann siad a mbeanna díobh go bliantúil, i mí

Aibreáin, agus tosaíonn cinn nua ag fás ar an bpointe. Coinníonn carriana a gcriócha féin agus cosnaíonn siad a gcuid limistéar i gcaitheamh shéasúir an rachmaill (Meán Fómhair go Deireadh Fómhair) agus tarlaíonn trodanna. Saolóidh an eilit lao aonair tar éis 7 go 7.5 mhí. Bíonn dath dú-dhonnrua ar fhionnadh an lao agus baill bhána ann. Fillfidh a mháthair gach cúpla uair a chloig lena bheathú. Baintear laonna de shiní a máithreacha agus iad idir 6 agus 8 mí d'aois.

Príomhthréithe le sonrú ar Fhianna Seapánacha

An fia is lú in Éirinn


Dath bán ar phaiste an phrompa, dubh timpeall air agus é ar dhéanamh croí

Riabh dhubh ar an droim ó chloigeann go heireaball

Eireaball ar mheánmhéid (idir fad eireaball an fhia rua agus fad eireaball an fhia bhuí)

Beanna simplí ar dhéanamh V (6-8 mbior)

Rianta: mór agus spréite, 8cm ar a fhad & 6cm ar leithead



Rian an Fhia Seapánaigh Sika
8cm ar a fhad & 6cm ar leithead
(imill ardaithe)

Má thagann tú ar oisín/lao, ná tóg aníos é nó na teagmhaigh leis. Níl siad tréigthe. Is minic nach mbíonn a máithreacha i bhfad ar shiúl agus fillfidh siad orthu air lena mbeathú nuair nach mbíonn aon daoine thart. Tá srón ghéar ar fhianna, agus is féidir leo cumhracht an duine a bholú d'oisín/lao má teagmhaíodh leis agus d'fhéadfaidís col a ghlacadh leis agus é a fhágáil.

Fachtóirí Eacnamaíochta agus saincheisteanna Caomhnúcháin

Is féidir le gach speiceas fia a bheith ina mbagairt do choillearnaigh (idir dhúchasacha agus neamhdhúchasacha) mar gheall ar a gcuid nósanna itheacháin, nósanna ar féidir a fhágáil nach n-athghineofar fásra má bhíonn an iomarca fianna in aon limistéar amháin. Is féidir leo a bheith ina gcúis dochair d'fhoraoisí fáschoillte trí chrainn a cuireadh go húrnu a stoitheadh agus trína bheith ag ithe buinneán agus bachlóg de chrainn óga agus trí chabhlaacha crainn a scoradh. Is féidir leo rúsc crainn a fheannadh den chabhlaach agus de chraobha crann atá níos sine. Ba chóir do choillteoirí spáis oscailte a fhágáil laistigh de scéim fhaschoillte, toisc go spreagfadh sé sin fianna le bheith ag innilt ar na réimsí talún seo in áit na gcrann.

Tá an cros-síolrú idir fianna rua agus fianna Seapánacha ina mbagairt don dá speiceas, chomh maith le fianna a éalaíonn ó fheirmeanna fia. Bhí an-chuid cros-síolraithe ar shiúl idir fianna Seapánacha agus fianna rua i gContae Chill Mhantáin, agus meastar gach fia sa limistéar seo a bheith ina fhia cros-síolraithe.

Íosfaidh fianna barra talmhaíochta ar uairibh agus déanfaidh siad dochar dóibh. Ba chóir do fheirmeoirí cuimhneamh ar sheastán 'íobairte' de bharr beatha a chur chun fianna a spreagadh le himeacht ar shiúl ó na príomh-bharr. Is féidir claíocha idir sé agus ocht dtroigh ar airde a chur suas chun fianna a choinneáil amach, ach déanfaidh córais thraidisiúnta fála agus díog cúis chomh maith céanna. Lena chois sin, ba chóir d'fheirmeoirí cuimhneamh ar an tsraith bhairr de shreang dhealgach a fhágáil ar lár in áiteanna mar is eol cosáin fhianna a bheith ann, toisc go ligeann sé sin d'fhianna atá níos óige léim thar an gclaí mar go bhféadfadh fianna a bheith ag dul thar bráid le teacht ar fhoinsí uisce.